2026

THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

# Dualgas na hEarnála Poiblí

## Measúnú Comhionannais agus Chearta an Duine 2026

# Clár Ábhair

1. Réamhrá ..... 2

2. Forbhreathnú ar an gCúirt Oibreachais ..... 2

2.1 Seirbhísí don Phobal ..... 3

2.1 Seirbhísí do Bhaill Foirne ..... 3

3. Measúnú ..... 3

3.1 Réimsí Oibre ina bhféadfadh Saincheisteanna maidir le Cearta an Duine & Comhionannas teacht chun cinn ..... 3

3.2 Bearta atá i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí ..... 4

3.3 Bearnaí a Sainaithníodh ..... 5

3.4 Gníomhartha Beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar Bhearnaí ..... 5

## 1. Réamhrá

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 tá oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna a mball foirne agus a n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint. Tugtar Dualgas na hEarnála Poiblí ar an oibleagáid seo.

Chun an dualgas seo a chomhlíonadh, ní mór do chomhlachtaí poiblí:

- measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a gcreideann siad go bhfuil baint acu lena bhfeidhmeanna
- aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin agus cur síos a thabhairt faoin gcaoi atá beartaithe acu dul i ngleic leis na ceisteanna sin ina bplean straitéiseach
- tuairisc a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar dhul chun cinn sa tuarascáil bhliantúil

Is í an chéad chéim do chomhlachtaí poiblí lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Dualgas measúnú a dhéanamh ar aon cheisteanna chearta an duine agus comhionannais do dhaoine a mbaineann úsáid as a seirbhís agus dá mball foirne.

Ullmhaítear an measúnú seo i gcomhréir le hAlt 42 d'Acht 2014 agus breithnítear ann na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann le foireann agus úsáideoirí seirbhíse na Cúirte Oibreachais agus a hoifigí.

## 2. Forbhreathnú ar an gCúirt Oibreachais

Tagraítear don Chúirt Oibreachais i [Measúnú um Chearta an Duine agus Comhionannas na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta].

Feidhmíonn an Chúirt Oibreachais mar bhinse caidrimh thionsclaíoch agus is í an t-aon chomhlacht achomhairc í i gcásanna i dtaca le cearta fostaíochta. Tá ról reachtúil ag an gCúirt freisin i leith Orduithe Fostaíochta Earnála, Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe agus Orduithe Fostaíochta Cláraithe. Ina cáil i leith caidreamh tionsclaíoch agus ina ról i leith cearta fostaíochta araon, éistear leis na páirtithe ábhartha uile agus, i gcásanna ceart fostaíochta, glactar fianaise agus éistear le finnéithe ábhartha. Ag brath ar chineál an cháis, eiseoidh an Chúirt Moladh, Cinneadh, Breithiúnas nó Ordú. I gcásanna ceart fostaíochta, eisíonn sí a cinneadh, ar féidir achomharc a dhéanamh ina leith ar phointe dlí chuig an Ard-Chúirt.

Is féidir a fheidhmeanna a roinnt idir iad siúd a bhaineann le cúrsaí caidrimh thionsclaíoch agus iad siúd a bhaineann le hachomhairc a chinneadh i gcúrsaí ceart fostaíochta lena n-áirítear achomhairc faoin acht um chomhionannas fostaíochta.

Cé gur oifig atá os comhair an phobail go príomha í an Chúirt Oibreachais, cinntíonn sí freisin go dtugtar na hardchaighdeáin chéanna don phobal, ó thaobh comhionannais srl, do gach ball foirne.

Tá bearta inrochtaineachta i bhfeidhm trína hOifigeach Inrochtaineachta.

## 2.1 Seirbhísí don Phobal

Cuireann an Chúirt Oibreachais réimse seirbhísí ar fáil don phobal. Éisteann an Chúirt le díospóidí a tharchuirtear faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta agus um chomhionannas fostaíochta agus faoi chúrsaí caidrimh thionsclaíoch. Bainistíonn an Chúirt saolré iomlán na héisteachta, lena n-áirítear sceidealú, bainistíocht cásanna, soláthar tacaíochtaí ateangaireachta (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann san áireamh) nuair is gá, agus foilsiú torthaí scríofa. Tá faisnéis faoi nósanna imeachta, socruithe éisteachta agus Rialacha na Cúirte Oibreachais ar fáil chun cabhrú le páirtithe ullmhú d'éisteachtaí agus páirt a ghlacadh iontu. Cuireann an Chúirt tacaíocht ghinearálta seirbhíse do chustaiméirí ar fáil freisin trína hOifigeach Rochtana agus trína foireann riaracháin, rud a chinntíonn gur féidir le daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis, socruithe a iarraidh agus teagmháil éifeachtach a dhéanamh leis an gCúirt. Níl sé faoi shainchúram na Cúirte i gcásanna ceart fostaíochta comhairle a chur ar fáil do pháirtithe maidir leis na cásanna atá á saothrú acu.

## 2.1 Seirbhísí do Bhaill Foirne

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais lena foireann trí bheartais inmheánacha na Roinne agus a cuid beartas inmheánach féin, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, TFC, Foghlaim agus Forbairt, agus na struchtúir Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉ&I). Tá rochtain ag baill foirne ar dheiseanna foghlama, ar thacaíochtaí ionduchtúcháin, ar threoir riaracháin, agus ar chóiríocht réasúnta nuair is gá. Baineann beartais an ionaid oibre amhail Dínit ag an Obair, nósanna imeachta frithbhulaíochta agus ciaptha, agus socruithe solúbtha oibre le gach ball foirne Cúirte. Téann an fhoireann riaracháin i mbun oiliúna a bhaineann lena róil, lena n-áirítear oiliúint feasachta míchumais agus foghlaim CÉ&I a chuirtear ar fáil ar fud na Roinne. Trí na tacaíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag an gCúirt Oibreachais timpeallacht oibre ghairmiúil, mheasúil agus ionchuimsitheach a chur ar fáil do gach fostaí.

# 3. Measúnú

## 3.1 Réimsí Oibre ina bhféadfadh Saincheisteanna maidir le Cearta an Duine & Comhionannas teacht chun cinn

Tagann cúinsí chearta an duine agus comhionannais chun cinn ar fud gach gné d'obair na Cúirte, lena n-áirítear:

### Rochtain, Rannpháirtíocht agus Neamh-Idirdhealú

- A chinntiú go mbeidh gach úsáideoir — beag beann ar chumas teanga, míchumas, leibhéal litearthachta, nó tréithe cosanta eile — in ann páirt iomlán a ghlacadh in imeachtaí.
- An ceart chun measa agus dínite, lena n-áirítear cóir chúirtéiseach agus mheasúil i ngach idirghníomhaíocht i scríbhinn, ar an teileafón agus i láthair go pearsanta.

### Nósanna Imeachta Córa agus Trédhearcacht

- Seasfar leis an gceart chun nósanna imeachta córa a chinntiú i ngach cás.
- Cleachtais a úsáid lena n-áirithítear comhdheis don dá pháirtí éisteacht a fháil.
- Feasacht bhreithiúnach agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn

### Cumarsáid agus Inrochtaineacht Ionchuimsitheach

- Tiomantas do chumarsáid shimplí i mBéarla agus do shoiléireacht faisnéise do gach úsáideoir Cúirte.

### Taithí Foirne agus Comhionannas Inmheánach

- A chinntiú go bhfuil an ceart ag baill foirne chun dínite san ionad oibre, de réir bheartais na Státseirbhíse.
- Socruithe réasúnta a sholáthar do bhaill foirne faoi mhíchumas agus tacaíocht trí Acmhainní Daonna agus struchtúir Idirchaidrimh Míchumais na Roinne.
- Comhionannas deiseanna maidir le rochtain ar oiliúint, forbairt, soghluaisteacht agus próisis inmheánacha a chinntiú, i gcomhréir le beartais CÉI na Roinne.

## 3.2 Bearta atá i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

- Tá seirbhísí uile na Cúirte Oibreachais ar fáil don phobal gan srian, le tacaíocht ón Oifigeach Rochtana a chomhordaíonn riachtanais tacaíochta a bhaineann le míchumas
- Treoir agus cúnamh inrochtaineachta curtha ar fáil ag Oifigeach Rochtana na Cúirte Oibreachais, a chomhordaíonn tacaíochtaí ar nós Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus socruithe eile.
- Tá Cairt do Chustaiméirí i bhfeidhm agus sceidealaithe lena hathbhreithniú chun teacht le riachtanais úsáideoirí agus caighdeáin inrochtaineachta atá ag teacht chun cinn
- Tiomantas don chóir mheasúil agus dhíniteach i dtaca le gach úsáideoir seirbhíse i ngach idirghníomhaíocht—i scríbhinn, ar an teileafón, go fíorúil agus go pearsanta—le tacaíocht ó oiliúint ar nós Oiliúint Ionchuimsithe an Chárta JAM (Tabhair nóiméad dom) san Ionad Oibre agus Teicnící Cumarsáide Teileafóin, a chuireann ar chumas foirne tacaíocht fhoighneach, íogair a chur ar fáil agus a fheabhsaíonn feasacht ar mhíchumais i bhfolach
- Cuirtear seirbhísí ateangaireachta (teangacha labhartha agus TCÉ) ar fáil nuair is gá, ag tacú le rochtain chomhionann ar éisteachtaí
- Cuireann an Chúirt Rialacha na Cúirte Oibreachais i bhfeidhm chun nósanna imeachta cothroma, trédhearcacht agus cóir chomhionann a chinntiú.
- Dearadh cumarsáid chúirte, cleachtais sceidealaithe, agus próisis éisteachta chun fógra cóir, comhdheiseanna chun páirt a ghlacadh, agus inrochtaineacht a áirithiú.

- Leis an mBinseleabhar um Chóir Chomhionann, a dháiltear ar gach Comhalta Cúirte, tugtar treoir phraiticiúil chun leochaileacht a aithint, eispéiris mhaireachtála éagsúla a thuiscint, agus idirdhealú a sheachaint. Feidhmíonn sé mar threoir bhreise do Chomhaltaí, agus treisítear leis cothroime, neamhchlaontacht agus ionchuimsiú.
- Clúdaítear baill foirne faoi chreataí Roinne maidir le comhionannas, dínit ag an obair, agus socruithe réasúnta, rud a chinntíonn go mbíonn ionad oibre ionchuimsitheach, measúil acu.
- Tá rochtain ag baill foirne ar raon leathan oiliúna Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉI) agus feasachta míchumais a sheachadtar trí Aonad Forbartha Foghlama agus Gairme (AFFG) na Roinne, lena n-áirítear modúil feasachta míchumais atá le teacht agus oiliúint CÉI atá ar fáil trí OneLearning.

## 3.3 Bearnaí a Sainaithníodh

- Tacaíocht níos fearr don fhoireann maidir le míchumas, néara-éagsúlacht agus bacainní ar rannpháirtíocht a thuiscint.
- Deis chun iniúchadh a dhéanamh ar thacaíochtaí cumarsáide (fotheidealú, formáidí malartacha, agus roghanna céadfach-chairdiúla).
- Raon feidhme chun feasacht na foirne a leathnú maidir le cearta dínite ag an obair, próisis i gcomhair socruithe réasúnta, agus cleachtais ionchuimsitheacha.
- Fócas leanúnach ar chomhsheasmhacht a chinntiú maidir le hinrochtaineacht ar fud na n-ionad éisteachta go léir.

## 3.4 Gníomhartha Beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar Bhearnaí

### Oiliúint agus Forbairt Cumais

- Foireann riaracháin chun freastal ar Oiliúint Feasachta Míchumais a chlúdaíonn:
    1. Éagsúlacht an Mhíchumais
    2. Teanga Chuí
    3. Claonadh
    4. An tsamhail leighis i gcomparáid leis an tsamhail shóisialta den mhíchumas
    5. Na hAchtanna um Chomhionannas agus um Míchumas
    6. Socruithe Réasúnta agus Nochtadh
- Modúil oiliúna bhreise CÉI a fhorbairt do Chomhaltaí Cúirte, lena n-áirítear uirlisí le haghaidh éisteachtaí ionchuimsitheacha agus tuiscint níos fearr ar leochaileacht.
- Úsáid leanúnach a bhaint as an mBinseleabhar um Chóir Chomhionann maidir le hionduchtú Comhaltaí agus foghlaim leanúnach.

### Feabhsúcháin Inrochtaineachta agus Cumarsáide

- Taighde a dhéanamh ar uirlisí fotheidealaithe agus tras-scríofa beo atá bunaithe ar intleacht shaorga chun tacú le húsáideoirí a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu agus chun inrochtaineacht i suímh hibrideacha/fíorúla a fheabhsú.
- Soláthar leanúnach ateangairí teanga labhartha agus tacaíocht TCÉ ach iad a iarraidh.
- Treoir níos feiceálaí d'úsáideoirí maidir le conas socruithe, ateangairí nó formáidí malartacha a iarraidh.

### Eispéireas Úsáideora a Neartú

- Tiomantais maidir le meas, dínit agus cóir chomhionann a chomhtháthú sa Chairt Custaiméirí nuashonraithe.
- A chinntiú go gcuirtear úsáideoirí ar an eolas go soiléir faoina gceart chun cóireála measúla, chun príobháideachta nuair is cuí, agus chun rochtana comhionainne.

### Tacaíocht don Fhoireann

- Prionsabail dínite ag an obair a atreisiú trí oiliúint agus cumarsáid inmheánach.
- Infheictheacht fheabhsaithe nósanna imeachta socruithe réasúnta, tacaíochtaí eirgeanamaíochta, agus cúnamh AD.

### Rialachas agus Feabhsú Leanúnach

- Monatóireacht leanúnach ar riachtanais inrochtaineachta trí aiseolas ó úsáideoirí ar a dtaithí ar an gCúirt.
- Athbhreithniú ar ábhair faisnéise, teimpléid agus ábhar an láithreáin gréasáin chun a achinntiú go gcomhlíontar inrochtaineacht agus caighdeáin Béarla shimplí.